



Европейски парламент Parlamento Europeo Evropský parlament Europa-Parlamentet Europäisches Parlament
Euroopa Parlament Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο European Parliament Parlement européen Parlaimint na hEorpa
Europski parlament Parlamento europeo Eiropas Parlaments Europos Parlamentas Európai Parlament
Parlament Ewropew Europees Parlement Parlement Europejski Parlamento Europeu Parlamentul European
Európsky parlament Evropski parlament Euroopan parlamentti Europaparlamentet

AN COMHBHEARTAS IOMPAIR: FORBHREATHNÚ

Tá an beartas iompair ar cheann de chomhbheartais an Aontais Eorpaigh le hoscáil amach agus Gréasán Tras-Eorpach iompair a chruthú, beidh tábhacht níos mó ag múnla 'na soghluaisteachta inbhuanaithe' idir seo agus 2020 — go háirithe de bharr mhéadú leanúnach na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair, lena gcuirtear iarrachtaí an Aontais Eorpaigh chun a chuspóirí aeráide a bhaint amach i mbaol.

AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Is é Airteagal 4(2)(g) agus Teideal VI de CFAE an bunús dlí. Chomh fada siar le [Conradh na Róimhe](#), leag na Ballstáit béim ar an tábhacht a bhaineann le comhbheartas iompair trí theideal ar leith a thiomnú dó. Dá bhrí sin, ba é an t-iompar ceann de na chéad réimsí comhbheartais a bhí ag an gComhphobal. An chéad tosaíocht a bhí ann ná margadh iompair comhchoiteann a chruthú, go mbeadh saoirse ann seirbhísí a sholáthar agus margaí iompair a oscailt amach. Baineadh an cuspóir sin amach den chuid is mó, mar fiú i gcás margaí iarnróid inmheánacha, tá siad á n-oscailt amach de réir a chéile don iomaíocht. De réir mar a osclaítear amach na margaí iompair, is ríthábhachtach é coinníollacha córa iomaíochta a chruthú laistigh de mhodhanna iompair ar leith agus idir na modhanna iompair ar leith sin. Ar an gcúis sin, tá an tábhacht a bhaineann le dlíthe náisiúnta a chomhchuíbhiú, le rialacháin agus forálacha riaracháin, agus leis an timpeallacht theicneolaíoch, shóisialta agus cánach ina soláthraítear seirbhísí iompair ag dul i méid go síoraí. Tá toirt na n-earraí agus líon na ndaoine a iompraítear ag dul i méid mar thoradh ar chur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh Eorpaigh, díothú na dtéarmaí inmheánacha, titim i bpraghsanna an iompair de bharr oscailt amach agus léirscaoileadh margaí iompair, agus athruithe i gcórais mhonaraíochta agus i gcórais bainistithe stoc. Tá an earnáil iompair rathúil agus dinimiciúil ach tá srianta méadaitheacha sóisialta agus comhshaoil os a comhair agus mar sin tá múnla 'na soghluaisteachta inbhuanaithe' níos tábhachtaí ná riamh.

In ainneoin na n-iarrachtaí ar fad a rinneadh, tá dúshlán fós os comhair an bheartais iompair Eorpaigh i réimse na hinbhuanaitheachta. Is as earnáil an iompair a thagann thart ar cheathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) de dhéantús an duine san Aontas Eorpach. Sa bhreis air sin, is í an earnáil iompair an t-aon earnáil san Aontas inar ardaigh astaíochtaí GCT ó 1990. Is é sin an chúis ar moladh laghdú 20 % ar astaíochtaí iompair (cé is moite d'iompar idirnáisiúnta mairí) idir 2008 agus 2030 agus laghdú 60 % ar a laghad idir 1990 agus 2050, i bPáipéar Bán in 2011 dar teideal 'Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní' ([COM\(2011\)0144](#)). Bhí laghdú 40 % ar astaíochtaí ó iompar



idirnáisiúnta muirí idir 2005 agus 2050 á lorg ann freisin. Rinneadh a áitiú i bPáipéar Bán 2011 gur cheart breoslaí inbhuanaithe ísealcharbóin a bheith i gceist le 40 % d'astaíochtaí eitlíochta faoin mbliain 2050, agus moladh 50 % d'aistriú ó ghluaisteáin a bhreoslaítear ar an ngnáthbhealach san iompar uirbeach faoin mbliain 2030, agus é mar aidhm leis iad a chéimniú amach go hiomlán faoi 2050.

Ní éiríonn leis na cuspóirí sin an sprioc a leagadh síos ag Comhdháil Chomhaontú Pháras i Nollaig 2015 (ar a dtugtar 'COP21') a bhaint amach, chun laghdú 20 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar a laghad a bhaint amach idir 2021 agus 2030. Fiú dá mbainfí amach iad, sa bhliain 2030 bheadh astaíochtaí ón iompar (cé is moite d'uisce-iompar idirnáisiúnta) fós 4.5 % thar leibhéal 1990, agus ní bheadh astaíochtaí ó uisce-iompar idirnáisiúnta ach 9.5 % níos ísle in 2050 ná a leibhéal in 1990. Idir seo agus 2020, feictear go mbeidh réadúlacht chomh tábhachtach leis an uaillmhian maidir le dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha agus comhshaoil atá os comhair an chomhbheartais iompair agus ar an gcaoi sin, i gcuidiú le hastaíochtaí a laghdú go mór. Is gá don earnáil iompair, mar sin, níos lú fuinnimh agus fuinneamh níos glaine a úsáid, bonneagar nua-aimseartha a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí, agus a tionchar ar an gcomhshaoil a laghdú.

TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA BEARTAIS

Réitíodh an bealach chun reachtaíocht choiteann a chur chun cinn nuair a thionscain Parlaimint na hEorpa imeachtaí i gcoinne na Comhairle maidir le mainneachtain gníomhú. Ina breithiúnas i [gCás 13/83](#) an 22 Bealtaine 1985, d'impigh Cúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh ar an gComhairle gníomhú agus mar sin tús a chur leis an bpróiseas chun fíor-chomhbheartas iompair a fhorbairt.

An 2 Nollaig 1992, ghlac an Coimisiún Páipéar Bán 2012 maidir leis an bhforbairt a dhéanfar ar an gcomhbheartas iompair ([COM\(1992\)0494](#)). Moladh ann margáí iompair a oscailt amach, cur leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair, sábháilteacht a fheabhsú agus forálacha sóisialta a chomhchuíbhiú. Ag an am céanna, ba chor cinnititheach é i dtreo cur chuige comhtháite idirmhódúil atá bunaithe ar mhúnla 'na soghluaisteachta inbhuanaithe'. Díritear aird i bPáipéar Bán ina dhiaidh sin an 22 Iúil 1998, dar teideal 'Íocaíocht chóir ar úsáid bonneagair: cur chuige céimneach maidir le creat muirearaithe ar bhonneagar coiteann iompair in AE' ([COM\(1998\)0466](#)), ar na héagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir le muirear a ghearradh ar sheirbhísí iompair, as a dtáinig saobhadh ionmhódúil agus idirmhódúil ar iomaíocht.

CUR CHUN FEIDHME

I bPáipéar Bán mhí Mhéan Fómhair 2001 dar teideal 'Comhbheartas iompair do 2010:Tráth an Chinnidh' ([COM\(2001\)0370](#)), rinne an Coimisiún anailís ar na fadhbanna agus dúshláin roimh bheartas iompair Eorpach – go háirithe maidir le méadú an Aontais in Oirthear na hEorpa a bhí ar na bacáin ag an am. Bhí ardú ollmhór tráchta tuartha ann, agus an tranglam, plódú tráchta (go háirithe i gcás iompar de bhóthar agus aeriompair) agus costais mhéadaitheacha sláinte agus comhshaoil a bheadh ag dul leis. Chuir an Coimisiún pacáiste 60 beart ar aghaidh, agus é beartaithe leo an nasc idir an fás eacnamaíoch agus fás sa trácht a bhriseadh agus dul i ngleic leis



an bhfás aimhréidh i modhanna éagsúla iompair. Ba é sprioc an Pháipéir Bháin seo freisin ná sciar na tráchta a bhain le hiompar ar iarnród, loingseoireacht intíre agus loingseoireacht ghearrthuais mhara a chobhsú ar leibhéal 1998. Bhí an sprioc sin le baint amach trí bhíthin athbhorradh a chur faoin iompar iarnróid, iompar ar muir agus ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn, agus an idirnascadh idir gach modh iompair a chothú. Sa bhreis air sin, cuireadh béim ar athbhreithniú ar na treoirlínte don Ghréasáin Thras-Eorpacha (féach bileog eolais ar TEN-T [3.5.1](#)), d'fhonn iad a oiriúnú d'éilimh an Aontais mhéadaithe agus iarrachtaí níos mó a spreagadh chun deireadh a chur le scrogaill tráchta trasteorann. Díriodh freisin i bPáipéar Bán 2001 ar chearta agus oibleagáidí úsáideoirí iompair, rinneadh forálacha le haghaidh plean gníomhaíochta ar shábháilteacht ar bhóithre agus rinneadh cearta úsáideoirí agus trédhearcacht costais a chomhdhlúthú trí phrionsabail mhuirearaithe a chomhchuíbhíú.

Chomh maith leis sin, sheol an tAontas roinnt tionscadail uailmhianacha teicneolaíochta, amhail córais loingseoireachta satailíte AE Galileo, Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS), agus clár SESAR chun feabhas a chur ar bhonneagar rialaithe aerthráchta.

I mí an Mheithimh 2006, thólaic an Coimisiún breithmheas lárthearma ar Pháipéar Bán 2001 ([COM\(2006\)0314](#)), dar teideal 'Coinnimis an Eoraip sa siúl – Soghluaisteacht inbhuanaithe dár n-ilchríoch'. Bhí sé ráite ag an gCoimisiún gurb é a thuairim é nach raibh na bearta a moladh in 2001 cuimsitheach a dhóthain chun na cuspóirí a socraíodh a bhaint amach, mar sin tugadh isteach ionstraimí nua lena n-áirítear seo a leanas:

- a. Pleananna gníomhaíochta maidir le lóistíocht iompair earraí, córais chliste iompair a shlógadh san Eoraip, agus soghluaisteacht uirbeach;
- b. Naiades agus Naiades II, clár gníomhaíochta comhtháite Eorpach don iompar ar uiscebhealaí intíre; agus
- c. Spriocanna straitéiseacha agus moltaí do bheartas muiriompair AE go dtí 2018.

I mí Iúil 2008, chuir an Coimisiún [pacáiste 'Iompar a Ghlasú'](#) i láthair, a dhírigh ar straitéis chun costais sheachtracha iompair a inmheánú. Sa phacáiste, bhí trí theachtaireacht ón gCoimisiún agus togra chun [Treoir 1999/62/CE](#) an 17 Meitheamh 1999 a athbhreithniú, ar a dtugtar an Treoir maidir leis an Eoraifinéad (féach an bhileog eolais dar teideal 'Iompar de bhóthair: comhchuíbhíú na reachtaíochta' [3.4.3](#)).

Rinneadh torthaí na díospóireachta ar thodhchaí fhadtéarmach an iompair (ag breathnú 20 go 40 bliain amach romhainn), a seoladh le Páipéar Bán 2001, a chur i láthair i dTeachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Todhchaí inbhuanaithe don iompar: I dtreo córas atá comhtháite, á threorú ag an teicneolaíocht agus curtha ar fáil ar bhealach soláimhsithe' ([COM\(2009\)0279](#)).

D'fhoilsigh an Coimisiún a Pháipéar Bán in 2011 maidir le todhchaí an iompair go dtí 2050, dar teideal 'Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair — I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní' ([COM\(2011\)0144](#)) an 28 Márta 2011. Rinne an Coimisiún cur síos ar an idirthréimhse idir na seandúshláin agus na dúshláin nua don iompar agus leag sé amach bealaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. I measc na 10 gcuspoir san áireamh i bPáipéar Bán 2011, d'fhéach



an Coimisiún le Limistéar Iompair Eorpach Aonair a bhunú trí fháil réidh leis na bacainní uile a bhí fós ann idir modhanna agus córais náisiúnta, tríd an bpróiseas comhtháthaithe a éascú, agus trí theacht chun cinn oibreoirí ilnáisiúnta agus ilmhóidula a éascú. Lorgaíodh leibhéal níos airde cóineasaithe agus cur chun feidhme de rialacha sóisialta, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil, íoschaighdeáin seirbhísí agus cearta úsáideoirí chun teannas agus saobhadh a sheachaint. An 1 Iúil 2016, chuir an Coimisiún tuarascáil i bhfoirm doiciméad oibre ([SWD\(2016\)0226](#)) i láthair ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme an chláir 10 mbliana a leagadh amach i bPáipéar Bán 2011. San áireamh in larscríbhinn II tá measúnú cuimsitheach ar na gníomhaíochtaí a rinneadh go dtí an pointe sin.

In 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Straitéis Eorpach don tSoghluaisteacht i dtaca le hAstaíochtaí Ísle' ([COM\(2016\)0501](#)), inar moladh bearta chun dlús a chur le dícharbónú a dhéanamh ar iompar Eorpach. Is é is aidhm phríomha don straitéis ná sprioc na n-astaíochtaí nialasacha a bhaint amach, de réir mar a leagadh amach i bPáipéar Bán 2011 ar thodhchaí an iompair, d'fhonn rannchuidiú go leormhaith le baint amach spriocanna Chomhaontú Pháras COP 21.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

I dteannta na buntacaíochta do léirscaoileadh margáí iompair agus do mhúnla 'na soghluaisteachta inbhuanaithe', lean an Pharlaimint de bhéim a chur ar an ngá na nithe sin a chomhcheangal le comhchuibhiú cuimsitheach den timpeallacht shóisialta, cánach agus theicneolaíoch agus de chaighdeáin sábháilteachta.

An 12 Feabhra 2003, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir le Páipéar Bán 2001 ón gCoimisiún dar teideal 'Comhbheartas iompair do 2010:Tráth an Chinnidh' ([COM\(2001\)0370](#)). Cuireadh i dtreis sa rún gur cheart smaoinemh na hinbhuanaitheachta a bheith ina bhunchloch den chomhbheartas iompair Eorpach agus mar chaighdeán aige, agus cuireadh i dtreis an tábhacht a bhaineann le córas iompair comhtháite domhanda a chruthú. Dhéanfaí sin gan an bonn a bhaint d'iomáiochas an iompair de bhóthar, agus bunaithe ar mhuirearú cóir a chumhdaíonn costais bhonneagair agus sheachtracha do gach modh iompair. Rinne an Pharlaimint iliomad glaonna sonracha agus tograí ag cumhdach gach modh iompair ar leith, sábháilteacht iompair, an amchlár chun TENT-T a chur i gcríoch agus a mhaoiniú, comhordú níos éifeachtaí le réimse eile beartais de chuid AE, agus ábhair eile a bhaineann le cúrsaí iompair.

Tar éis fhoilsiú Pháipéar Uaine ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2007, dar teideal 'I dtreo cultúr nua don tsoghluaisteacht uirbeach' ([COM\(2007\)0551](#)), ghlac an Pharlaimint [rún](#) an 9 Iúil 2008 faoin teideal céanna. Thairis sin, ghlac an Pharlaimint [rún](#) eile an 23 Aibreán 2009 dar teideal 'Plean gníomhaíochta ar an tsoghluaisteacht uirbeach'. I measc nithe eile, d'iarr an Pharlaimint go bhforbrófaí ar leibhéal Eorpach cur chuige cuimsitheach domhanda don tsoghluaisteacht uirbeach ar cheart dó a bheith ina chomhchreat tagartha do ghníomhaithe Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Thug an Coimisiún freagairt ar an nglao sin go gairid ina dhiaidh sin le teachtaireacht ar an teideal céanna, 'Plean gníomhaíochta ar an tsoghluaisteacht uirbeach' ([COM\(2009\)0490](#)), a foilsíodh an 20 Meán Fómhair 2009.



Mar fhreagairt ar theachtaireacht eile ón gCoimisiún, dar teideal ‘Le chéile chun soghluaisteacht atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a bhaint amach’ ([COM\(2013\)0913](#)), a foilsíodh an 17 Nollaig 2013, ghlac an Pharlaimint [rún](#) maidir le ‘Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe’ an 2 Nollaig 2015. Sa rún, spreagtar Ballstáit agus cathracha pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe a tharraingt suas a thugann tosaíocht do mhodhanna iompair le hastaíochtaí ísle, d’fheithiclí a úsáideanna breoslaí malartacha agus do chórais chliste iompair. Áitíodh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit Gréasán Soghluaisteachta Inbhuanaithe de shamplaí de dhea-chleachtais pleanála spáis agus úsáide spáis a bhunú, mar aon le feachtais feasachta poiblí a sheoladh a chuireann soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn. Spreagtar cathracha rannpháirt a ghlacadh sa ‘Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir le Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste’.

Tar éis teachtaireacht ón gCoimisiún ([COM\(2009\)0279](#)) dar teideal ‘Todhchaí inbhuanaithe don iompar: i dtreo córas atá comhtháite, á threorú ag an teicneolaíocht agus curtha ar fáil ar bhealach soláimhsithe’, ghlac an Pharlaimint [rún](#) an 6 Iúil 2010 maidir le ‘Todhchaí inbhuanaithe don iompar’. Ní hamháin gur fhéach an téacs sin chun tosaigh chuig Páipéar Bán 2011, ach thug an Pharlaimint freagairt ar an teachtaireacht ón gCoimisiún freisin trí liosta leathan éileamh a chur ar aghaidh lena gcumhdaítear raon iomlán bheartas iompair an Aontais.

Ghlac an Pharlaimint dhá rún tar éis fhoilsiú an Pháipéir Bháin in 2011. Ba é [rún](#) an chéad cheann, a ghlacadh an 15 Nollaig 2011, dar teideal ‘[Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair — I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní](#)’. Sa rún sin, rinne an Pharlaimint measúnú *ex ante* ar na príomhchuspóirí a leagadh amach i bPáipéar Bán 2011 agus d’fhormheas sí é i bpáirt maidir leis an dul chun cinn a rinneadh chun é a chur chun feidhme. Maidir leis an Limistéar Iompair Eorpach Aonair a bhunú faoi 2020, cuireadh i dtreis sa rún nár breathnaíodh go leordhóthanach ar acmhainneacht iompair i mórán ceantar agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá córas a dhíríonn ar idirnascadh agus idir-inoibritheacht. D’fhormheas an Pharlaimint na 10 gculpóir le haghaidh córas iompair iomaíoch agus tíosach ar acmhainní agus le haghaidh na spriocanna a leagadh amach sa Pháipéar Bán i gcomhair 2030 agus 2050.

An 9 Meán Fómhair 2015, ghlac an Pharlaimint an dara [rún](#) ar chur chun feidhme Pháipéar Bán 2011 dar teideal: ‘An staid mar atá agus an bealach ar aghaidh i dtreo na soghluaisteachta inbhuanaithe’. I gcomhthéacs an athbhreithnithe lárthearma, an 1 Iúil 2016 d’fhoilsigh an Coimisiún doiciméad oibre ([SWD\(2016\)0226](#)) dar teideal ‘Cur chun feidhme Pháipéar Bán 2011 maidir le hlompar - cúig bliana tar éis a fhoilsiú: a bhfuil bainte amach agus dúshlán’. D’iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún ar a laghad an leibhéal uailmhéine a taispeánadh nuair a leagadh amach na cuspóirí bunaidh a choimeád. Anuas air sin, chuir an Pharlaimint i dtreis go raibh go leor oibre le déanamh ar leibhéal oibríochtúil agus ar leibhéal airgeadais chun na cuspóirí sin a bhaint amach. D’iarr sí ar an gCoimisiún tuilleadh bearta reachtacha breise a dhéanamh agus straitéis chuimsitheach a chruthú d’fhorbairt iompar ísealcharbóin ionas go bhféadfar laghdú 60 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT iompair a bhaint amach faoi 2050. Rinne an Pharlaimint roinnt moltaí ag féachaint do gach modh iompair a chomhtháthú chun córas iompair níos éifeachtúla, níos inbhuanaithe, níos iomaíche a chruthú, a mbeadh



rochtain níos fearr air agus a bheadh níos soláimhsithe. I measc na bpríomhphointí, bhí aistriú córa iompair agus cómhódúlacht, bonneagar nua-aimseartha agus cistiú cliste, soghluaisteacht uirbeach, daoine a chur ag croílár bheartas an iompair, agus an ghné dhomhanda den iompar. D'fhoilsigh an Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe sa Pharlaimint staidéar le déanaí dar teideal '[Aistriú córa iompair san iompar Eorpach: an bealach chun tosaigh](#)'.

Anuas air sin, ina rún maidir le straitéis Eorpach i ndáil le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí a glacadh i Nollaig 2017, tharraing an Pharlaimint aird ar an ngá don earnáil iompair níos mó a dhéanamh chun cuidiú le spriocanna aeráide a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, leag sé béim orthu siúd a leanas, i measc gnéithe eile:

- An gá le hinfheistíocht san ilmhódúlacht agus in iompar poiblí;
- An gá le comharthaí praghais níos soiléire a scaipeadh ar fud na modhanna iompair go léir chun na prionsabail 'íoc mar a thruaillítear' agus 'íoc mar a úsáidtear' a léiriú ar bhonn níos fearr; agus
- Ról an digitithe sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe.

D'iarr an Pharlaimint chomh maith leis sin cur chuige níos uailmhianaí i dtaca le fuinneamh in-athnuaite san iompar ná an méid a moladh in athmhúnlú na Treoracha maidir le Fuinneamh In-athnuaite, agus go gcruthófaí dreasachtaí maidir le húsáid breoslaí inbhuanaithe malartacha do mhodhanna iompair nach bhfuil de rogha ach leachtbhreosla a úsáid leo. Tar éis teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'I dtreo úsáid breoslaí malartacha ar an mbonn is leithne – Plean Gníomhaíochta ar Bonneagar Breoslaí Malartacha' ([COM\(2017\)0652](#)), ghlac an Pharlaimint [rún](#) i mí Dheireadh Fómhair 2018 ag iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú Threoir 2014/94/AE maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid a thabhairt chun cinn agus díriú ar a chur chun feidhme cuí.

Ba dhíol sásaimh don Pharlaimint freisin teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'I dtreo soghluaisteacht uathoibríthe' ([COM\(2018\)0283](#)), ach i [rún](#) an 15 Eanáir 2019 chuir sí i dtreis nach mór do ghníomhaithe Eorpacha obair i gcomhar le chéile chun tabhairt faoi ról mar cheannairí domhanda san iompar uathoibríthe.

[Esteban Coito](#)
04/2019

